# Nuacht Fhine Gall

Eagrán Uimh 18

Aibreán 2021


Do Chomhairle, ag obair duitse



# FINGAL GO BRAGH

## LAISTIGH


**Dul chun cinn na Scéime Tithíochta Inacmhainne- Leathanach 3**

**Seoladh Plean Forbartha Fhine Gall - Leathanach 4 & 5**

**Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig i bhFine Gall - Leathanach 12 & 13**



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Teachtaireacht ón Mhéara



Tá na laethanta ag dul chun sínte fad a dhruideann an tEarrach linn agus tugann seo deis dúinn taitneamh a bhaint as an timpeallacht agus as an áilleacht nádúrtha atá i bhFine Gall arís eile, ach leanann paindéim Covid-19 le dúshláin dheacra a chur romhainn go fóill agus is gá dúinn an fód a sheasamh agus leanúint orainn ag cloí leis na treoirlínte sláinte poiblí. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall le seirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar do gach cónaitheoir.

Leanann an Chomhairle le bonneagar taistil a fhorbairt ar fud an chontae trí thionscadail ar nós glasbhealaí agus raonta rothar. Píosa ríthábhachtach de bhonneagar taistil é Bealach Cósta Fhine Gall agus cruthaíonn sé go leor tairbhí don timpeallacht agus do shláinte dhaoine agus cruthaíonn sé deiseanna do ghnó agus don turasóireacht do na bailte ar feadh an bhealaigh a bheartaítear. Spreagaim na cónaitheoirí agus na páirtithe leasmhara go léir amharc ar na pleananna agus a ndearcthaí a chur in iúl faoin bpróiseas roghnaithe bealaigh atá ar siúl.

Bhí gliondar croí orm labhairt ag an seimineár gréasáin “Oibriú Níos Cliste chun go Seasfaidh do Ghnólacht an Aimsir” (“Working Smarter to Future Proof Your Business”) a cuireadh ar siúl mar chuid de Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla i mbliana. Tá réimse fairsing tacaíochtaí ann ar féidir le gnólachtaí beaga agus meánmhéide leas a bhaint astu i rith na tréimhse dúshlánaí seo agus tá an cúnamh ríthábhachtach seo á chur ar fáil ag ár nOifig Fiontair Áitiúil dár ngnólachtaí áitiúla. Spreagfainn gach ceann dár FBManna i bhFine Gall leas a bhaint as na tacaíochtaí seo.

Cuireadh clár iontach le chéile i mbliana do Sheachtain na Gaeilge a dhírigh ar an teanga a chur chun cinn i measc pobal i bhfad níos fairsinge i bhFine Gall. D’éirigh le Seachtain na Gaeilge i mbliana dul in oiriúint d’ardáin ar líne mar gheall go bhfuil srian ar imeachtaí ar a bhfreastalaítear i bpearsan de dheasca na paindéime agus b’iontach a thabhairt faoi deara go raibh ceiliúradh á dhéanamh sa tréimhse dhúshlánach seo ar an nGaeilge agus ar an gcultúr.

Bhí mé i dteannta an Aire Darragh O’Brien i mBaile Brigín nuair a fógraíodh cistiú do Phlean Athnuachana Bhaile Brigín. Cabhróidh an cistiú seo le feabhas a chur ar spásanna poiblí i mBaile Brigín a thacóidh le saol an phobail agus a bhuntacóidh le forbairt gheilleagrach áitiúil.

Cuireadh tús leis an bpróiseas do Phlean Forbartha nua Fhine Gall 2023-2029. Leagfaidh beartais agus cuspóirí laistigh den Phlean an bonn faoi chinntí faoi iarratais pleanála agus go leor gnéithe eile d’obair na Comhairle. Baineann tábhacht i measc gach duine dínn le conas a úsáidimid ár dtalamh, an áit a lonnaímid tithíocht, fostaíocht, agus áiseanna pobail, agus tá sé ríthábhachtach, ar an ábhar sin, go nochtaimid go léir ár dtuairim sa phróiseas. Is gá dúinn a chinntiú go ndéanfaidh ár bPlean Forbartha sinn a chur ar an mbóthar ceart.

An Comhairleoir David Healy

## Teachtaireacht ón Phríomhfheidhmeannaigh



Táimid go maith san Earrach anois agus cé go leanaimid orainn ag leanúint treoirlínte agus srianta sláinte poiblí chun dul i ngleic leis an bpaindéim Covid-19, is forbairt thábhachtach agus dhearfach é rolladh amach na vacsaíní agus muid ag tnúth le laethanta níos gile romhainn.
Tá lúcháir orm leis an bhfógra ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O’Brien TD, gur bronnadh €25.4 milliún faoin gCiste Forbartha Athghiniúna Uirbí (URDF) ar thionscadail a bhaineann le hathnuachan Bhaile Brigín.

Beidh iarratais ag oscailt go luath dár gcéad Scéim Tithíochta Inacmhainne le 11 bliana anuas ag Dún Eimhire, Lusca tar éis do Comhaontas Tithíochta Ó Cualann a cheapadh mar fhorbróir chun maoirseacht a dhéanamh ar thógáil an 51 teach. Is céim mhaith í seo i dtreo tithíocht inacmhainne a sholáthar dár gcustaiméirí.

Bhí Comhairle Contae Fhine Gall ar cheann de hocht gcomhairle ó gach taobh den teorainn a tháinig le chéile chun Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Claith-Bhéal Feirste a sheoladh. Tá an tionscnamh seo mar fhreagra ar na dúshláin dheacra atá le sárú ag an réigiún tar éis an Bhreatimeachta agus na paindéime leanúnaí.

Rinneamar Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh i mí Feabhra trí aird a tharraingt ar obair an oiread sin ban atá ag obair sa Chomhairle agus sa sochaí níos leithne i bhFine Gall. Is deis iontach é Lá Idirnáisiúnta na mBan chun éachtaí na mban a cheiliúradh agus mná a spreagadh chun a ról féin a ghlacadh sa cheannaireacht agus san athrú. Bhí an-áthas orm labhairt ag ócáid bhliantúil Líonra Mná Fiontraíoch Fhine Gall ag Seachtain Fhiontraíochta Fhine Gall na bliana seo a chabhraíonn le hardán riachtanach a thabhairt do mhná i ngnó chun líonraí tacaíochta a nascadh agus a thógáil i bhFine Gall.

De réir mar a thagann feabhas ar an aimsir, tá súil agam go mbainfidh gach duine taitneamh as a bheith amuigh faoin aer ach go gcuimhníonn siad ar fanacht sábháilte trí threoirlínte sláinte cothrom le dáta a leanúint. Má tá tú ag dul amach, smaoinigh ar siúl nó rothaíocht seachas tiomáint chun taitneamh a bhaint as an earrach agus cabhrú chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Chomh maith leis sin, iarraim go ndéanaimid go léir ár ndícheall chun ár bpobail a choinneáil glan agus slachtmhar sna seachtainí atá amach romhainn trí aon bhruscar a thabhairt abhaile leat nó é a dhiúscairt i gceart.

Leanfaimid orainn, mar Chomhairle, ag obair le cónaitheoirí, gnóanna, agus an sochaí níos leithne chun dul i ngleic leis an ngéarchéim seo agus chun a chinntiú go sáróimid é. Go raibh maith agat as an eagrán seo de Nuacht Fhine Gall a léamh. Fan sábháilte.

AnnMarie Farrelly



# Rinne an Scéim Tithíochta Inacmhainne dul chun cinn i ndiaidh gur ceapadh forbróir



**Cheap Comhairle Contae Fhine Gall forbróir chun an chéad scéim tithíochta inacmhainne a sholáthar sa chontae le 11 bhliain anuas ag Dún Eimhire, Lusca.**

Déanfaidh Ó Cualann Cohousing Alliance maoirseacht ar 51 áit chónaithe a thógáil, a mbeidh 39 díobh ina n-áiteanna cónaithe inacmhainne agus a mbeidh tithíocht shóisialta i gceist le 12 díobh.

**Tá iarratais ar an scéim oscailte ón 4 Bealtaine go dtí an 31 Bealtaine**. Le bheith incháilithe don scéim, caithfidh gur ceannaitheoir céaduaire é an ceannaitheoir, ach beidh eisceachtaí áirithe i gceist, áfach. Caithfidh go n-oireann an réadmhaoin do riachtanais teaghlaigh an iarratasóra agus caithfidh go raibh cónaí orthu i bhFine Gall ar feadh breis agus 12 mhí.

Beidh na háiteanna cónaithe inacmhainne ar fáil do cheannaitheoirí incháilithe céaduaire ar phraghsanna a bheidh tuairim is 25% níos saoire ná a luach margaidh. Meascán d'árasáin dhá sheomra leapa, áiteanna cónaithe dhá urlár trí sheomra leapa, áiteanna cónaithe sraithe trí sheomra leapa agus áiteanna cónaithe leathscoite trí sheomra leapa a bheidh sna 39 aonad.

Ó €166,000 a bheidh ar an bpraghas is ísle ar árasáin dhá sheomra leapa; ó €206,000 a bheidh an praghas ar na háiteanna cónaithe dhá urlár; ó €250,000 an praghas ar áiteanna cónaithe sraithe trí sheomra leapa; agus ó €258,000 a bheidh an praghas ar na háiteanna cónaithe leathscoite trí sheomra leapa.

*"Is céim mhaith í ceapachán Ó Cualann i dtreo ár scéim tithíochta inacmhainne a bhaint amach"*

Cosnóidh Muirear Cothromais leas an phobail in aghaidh tuairimíocht chothromais. Ar cheann de na coinníollacha díola faoin Scéim seo is ea go mbeidh an ceannaitheoir faoi dhliteanas i gcónaí an céatadán den lascaine faoin luach margaidh a aisíoc ar bhain siad tairbhe as nuair a bhí an réadmhaoin á ceannach acu. Is féidir leo seo a íoc ag aon tráth nó má dhéantar an réadmhaoin a dhíol.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. David Healy: "Cheadaigh Comhairleoirí Scéim Ceannaigh Dhún Eimhire i mí na Samhna seo caite, agus cuirim fáilte dá bharr roimh fhorbróir a cheapadh agus is é sin an chéad chéim eile sa phróiseas. Tá súil agam go leanfaidh an próiseas le dul chun cinn tapa a dhéanamh mar gheall go dtacaíonn comhairleoirí go mór leis an scéim seo agus go bhfuil siad meáite ar thithíocht inacmhainne a thabhairt isteach sa chontae."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Is céim mhaith í ceapachán Ó Cualann i dtreo ár scéim tithíochta inacmhainne a bhaint amach ag Dún Eimhire i Lusca. Tá taithí mhaith acu ar sheachadadh tithe inacmhainne agus tuigeann siad tábhacht an tionscadail seo i dtéarmaí seachadadh foriomlán tithíochta i bhFine Gall.

"Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair ar ár bpleananna chun tithíocht níos inacmhainne a fhorbairt i bPáirceanna na hEaglaise i mBaile Átha Cliath 15, i gCeapach i mBaile Átha Cliath 11, Baile Mastún i nDomhnach Bat, agus Baile an Haicéadaigh sna Sceirí áit a bhfuilimid ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún."

Tá tuilleadh eolais faoi Scéim Cheannaigh Dhún Eimhire le fáil ó Faigh tuilleadh eolais faoi scéim Dún Eimhire anseo:
**https://bit.ly/3uOx68O**

# Is é do ghlaoch é, is é do Fhine Gall é mar tosaíonn an obair ar an bPlean Forbartha

**Tá tús curtha ag Comhairle Contae Fhine Gall ar an athbhreithniú ar Phlean Forbartha reatha Fhine Gall agus le Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 a ullmhú, agus táthar ag spreagadh an phobail chun go nglacfaidís páirt ghníomhach sa phróiseas, rud a thógfaidh dhá bhliain sula mbeidh sé críochnaithe.**



Ba mhaith leis an gComhairle díospóireacht phoiblí a spreagadh i measc saoránach, lucht gnó, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara eile ar na príomhcheisteanna ar chóir a chur san áireamh sa Phlean nua, agus is féidir le saoránaigh agus le heagraíochtaí aighneachtaí a chur isteach ar líne go dtí Bealtaine 12 ar Thairseach Comhairliúcháin Chomhairle Contae Fhine Gall, **https://bit.ly/3djPSPv**

Dáileadh Leabhrán Faisnéise, a dhéanann achoimre ar na seacht dtéama sa Pháipéar Saincheisteanna Straitéiseacha, ar theaghlaigh i bhFine Gall ón 22 Márta ach is féidir an dá cheann a fheiceáil anois ag **https://bit.ly/3doxipv**

**Seacht dtéama**

Is iad na seacht téama ná: Daoine agus Áit, Gníomhú ar son na hAeráide, Nascacht agus Gluaiseacht, Fostaíocht, Geilleagar & Aerfort Bhaile Átha Cliath, Oidhreacht Chultúrtha, Infreastruchtúr Glas & Oidhreacht Nádúrtha, agus Infreastruchtúr & Fóntais.

In Aibreán reáchtálfar ceithre sheimineár comhairliúcháin ar líne ina mbeidh ocht cur i láthair san iomlán ar thopaicí a ardaítear sa Pháipéar Saincheisteanna Straitéiseacha, agus tá ceardlann Minecraft á forbairt freisin chun saoránaigh óga a spreagadh le go nglacfaidís páirt. Beidh nascanna don mhéid seo go léir le fáil in am trátha ar shuíomh gréasáin an Phlean Fhorbartha agus ar chainéil mheáin shóisialta na Comhairle. Tá sé i gceist ag an gComhairle úsáid a bhaint as an haischlib #FingalDevPlan ar phostanna meáin shóisialta maidir leis an bPlean Forbartha.

Tá sé sceidealta go rithfidh an Plean Forbartha ar feadh dhá bhliana agus i gceist beidh trí chéim comhairliúcháin



Óstálann an Seomra Comhairliúcháin Fhíorúil faisnéis faoi na seacht dtéama faoina bhfuil roinnt de na príomhcheisteanna a bhféadfadh an Plean nua aghaidh a thabhairt orthu a leagan amach.

Is féidir an acmhainn seo a fháil ag **https://bit.ly/3ahHZYV**

phoiblí sula nglacann Comhairleoirí leis an bplean deiridh i Feabhra 2023.

**Ábhartha dúinn uile**

Sa chéim atá ann anois, ar a dtugtar an chéim réamhdréachta, leagtar amach an treo straitéiseach don Phlean agus beidh sí ina bhunús don chreat ina mbeidh na spriocanna agus na polasaithe a thiocfaidh chun cinn ag na céimeanna níos déanaí.

Agus é ag seoladh an Phlean Forbartha inniu, le linn cruinnithe ar líne ina raibh Comhairleoirí, Oifigigh Comhairle Sinsearacha agus an Fhoireann don Phlean Forbartha  i láthair, dúirt Méara Fhine Gall, an Clr. David Healy: "athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha agus glacadh leis, is próiseas é sin atá ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá le déanamh ag na baill tofa, Beidh sé ina threoirphlean maidir le forbairt Fhine Gall ó thaobh na forbartha fhisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de. Baineann sé linn go léir – conas a úsáidimid ár dtailte, cén áit a thógaimid tithe, an fhostaíocht agus áiseanna pobail.  Beidh tionchar aige ar conas a fhreagraímid ar an Athrú Aeráide, conas a chosnaímid an Nádúr agus conas a thugaimid ar ais é, conas a bhogaimid timpeall, cén áit ina gcónaímid agus n-oibrímid, ár sláinte agus an caighdeán maireachtála atá againn mar dhaoine aonair, mar theaghlaigh agus mar phobail."

Dúirt Príoimhfheidhmeannach Chomairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly,: "Tá an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha ag tarlú ag am dúshlánach nach bhfacthas riamh cheana de bharr tionchar na paindéime, an Athraithe Aeráide agus Brexit. Ach is deiseanna iad na dúshláin seo freisin cur lenár bhfís go mbeidh Fine Gall ina áit iontach chun maireachtáil ann, chun obair ann agus chun gnó a dhéanamh ann. Beidh ról an-tábhachtach ag an gcéad chéim seo den chomhairliúchán i dtaca leis an bPlean Forbartha a dhréachtadh agus táimid ag tabhairt cuireadh do shaoránaigh, do phobail, d'eagraíochtaí, do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara bheith páirteach agus a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an bhforbairt atá i gceist dár gcontae. Cinnteoidh sé seo go bhfreagróidh an Plean Forbartha ar na hardaidhmeanna atá ag daoine don chontae agus ag an am céanna, go rachaidh sé i ngleic le haon chúis imní a d'fhéadfadh a bheith acu."








## Céim 1

Foilsítear an Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha. Tar éis do na haighneachtaí a bheith faighte, tiomsófar tuarascáil de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh agus  úsáidfear í seo mar ullmhúchán don Dréachtphlean Forbartha.

## Céim 2

Cuirfear an Dréachtphlean Forbartha amach i Feabhra 2022 don chomhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin ullmhófar tuarascáil eile de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí a fuarthas agus cuirfear faoi bhráid na gcomhairleoirí í chun í a mheas.

## Céim 3

Beidh comhairliúchán poiblí eile ann ar an Dréachtphlean Forbartha Leasaithe i mí na Samhna 2022, agus ina dhiaidh sin beidh tuarascáil eile de chuid an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí a fuarthas.

## Céim 4

Déanfaidh na comhairleoirí Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a mheas in Eanáir 2023 agus tá sé i gceist go nglacfaidh siad leis an bPlean Forbartha 2023-2029 i mí Feabhra 2023. Tiocfaidh an Plean Forbartha nua i bhfeidhm sé seachtaine tar éis é a bheith glactha ag na baill tofa.




# Go leor scéalta á bhfí le chéile in aon scéal amháin ar ábhar bróid é i "Mná Fhine Gall"

**Tá ré dhifriúil, teanga dhifriúil, agus cultúr difriúil faoi chaibidil i scéal mhná Fhine Gall. Tá go leor scéalta éagsúla á bhfí le chéile in aon scéal amháin i dtaipéis nua atá cruthaithe ag Agnieszka 'Uisce' Jakubczyk.**

D'fhorbair an smaoineamh atá mar bhonn le taipéis "Mná Fhine Gall" siar sa bhliain 2019. Seo mar a mhínigh Uisce an scéal: "Bhuail mé le Caroline Cowley ón Oifig Ealaíon, thaispeáin mé saothar mór bróidnithe a bhí idir lámha agam di agus ní dhearna sí dearmad ar an saothar a chonaic sí."

"Mhol Caroline go gcruthódh mé taipéis mhór bunaithe ar cheantar Fhine Gall, agus chasamar le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall agus Seandálaí Pobail, Christine Baker, chun tuilleadh plé a dhéanamh faoin tionscadal.

"I ndiaidh an chruinnithe sin, rith sé liom go bhféadfainn taipéis fhite mhór a chruthú mar chomhartha ómóis do mhná Fhine Gall, agus go bhféadfainn úsáid a bhaint as móitífeanna a bhain le mná an cheantair ón tréimhse réamhstaire go dtí an lá inniu ann."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Christine: "Tá nasc nádúrtha idir ealaín agus ár n-oidhreacht chultúrtha – is bealach é chun freagairtí don oidhreacht a spreagadh agus cur leis an eispéireas cruthaitheach.

"Is bealach é an taipéis chun nasc a chruthú idir pobail agus oidhreacht na mban a bhí fágtha gan aitheantas agus gan taifeadadh go minic, agus oidhreacht na mban ar fad i bhFine Gall a cheiliúradh."

**Oidhreacht sheandálaíoch**

Roghnaíodh teicníc na fíodóireachta mar gheall ar na fochialla banúla atá luaite léi agus an nasc le hoidhreacht sheandálaíoch Fhine Gall.
Mhínigh Christine an scéal mar seo a leanas: "Aimsíodh roinnt déantán stairiúil lena n-áirítear meáchan seoil agus cíor fíodóireachta i rith tochailte poiblí de dhún cinn tíre Dhroim Meánach.

Tá suntas ag baint leis na hábhair a úsáideadh freisin, mar a mhínigh Uisce: "Ba iad snáth olla agus línéadaigh na príomhchineálacha ábhar a úsáideadh. Is iad sin na snáithíní ceirdeanna teicstíle is coitianta atá in úsáid in Éirinn ón gCré-umhaois.

"D'úsáid mé snáithíní a úsáidtear le haghaidh cúiseanna éagsúla i 'tionscal tinteáin' na hÉireann cosúil le cnáib, neantóg, agus gruaig gabhair.
"Bheadh na snáithíní sin idir lámha na mban i rith thréimhsí éagsúla de stair na hÉireann."

Nuair a bhí mé i mbun ullmhúcháin don saothar seo rinne mé taighde ar úsáid snáithín in Éirinn, stádas na mban, ról na mban in éirí amach, agus tuilleadh, mar aon le hobair allamuigh, agus mar a deir Uisce: "Nuair a d'aimsigh mé fianaise ar bhean cháiliúil, bhí mé sa tóir ar áit i bhFine Gall a bhféadfainn í a nascadh léi."

**Banlaoch**

"Go hiondúil is ar thóir uaigheanna na mban seo a bhí mé." Thug an t-aistear seo Uisce ó Ionad Oidhreachta Lusca chomh fada leis an Mainistir i nDiméin Mhullach Íde, agus ó reilig Bhaile an Chricigh chomh fada le An Seanbhaile.

Spreag sé seo Uisce chun móitífeanna a chur san áireamh cosúil le Síle na gcíoch, íomhá mhistéireach agus chonspóideach a dhéanann ionadaíocht ar shiombail na torthúlachta agus na geargáile a fhaightear i séipéil ar fud na hÉireann,

agus Molly Weston a thagair Uisce go ceanúil di mar "banlaoch dháiríre agus dhoshéanta ó Fhine Gall, a thug aghaidh ar chath Thorchoille ar dhroim capaill, a throid ansin agus a fuair bás ansin i rith Éirí Amach 1798 i gcoinne riail na Breataine in Éirinn.

"Ní fhéadfainn í a chur as mo chloigeann le tamall fada agus go deimhin bhí sí ag rith, cosa in airde, ar a capall bán nuair a bhí mise ag brionglóidigh oíche amháin, agus níorbh fhéadfainn néal codlata a fháil!"

Tá oidhreacht Annie L. Massey tugtha chun beochta chomh maith. Seo a leanas mar a mhínigh Uisce an scéal: "Bitheolaí muirí, éaneolaí, agus saineolaí féinoilte idirnáisiúnta ar mhoilisc ba ea í."

"Tá ceithre ainm speiceas ceifealapóid bunaithe ar a hainm, agus tá ceann amháin acu - Opistothoteuthis massyae – le feiceáil sa taipéis.

"Sa bhliain 1904 chomhbhunaigh sí Cumann um Chosaint Éan na hÉireann, agus is cosúil go raibh dáimh ar leith aici leis an bhfiach dubh. Chinn mé grúpa iomlán – 'comhcheilg fiach dubh' a fhí isteach sa taipéis i gcuimhne uirthi. De bhrí gur siombail é an fiach dubh atá le feiceáil i lógó Chomhairle Contae Fhine Gall, chinn mé fiach dubh Fhine Gall a fhí isteach sa ghrúpa."

Tháinig Uisce go hÉirinn ón bPolainn sa bhliain 2004 agus bhog sí go Fine Gall i mí Lúnasa 2015, áit ar dhírigh sí ar an bhfíodóireacht an athuair.

"Bainim an-taitneamh agus tairbhe as an bhfíodóireacht. Is foirm ealaíne dian go maith atá ann.

"Sílim go mbaineann suntas ar leith le céadfacht na fíodóireachta: mo mhéar a leagan ar ábhair éagsúla, agus teacht ar thuiscint ar conas a oibríonn na hábhair sin."

Féach ar ár bhfíseán ar 'Mná Fhine Gall' anseo:
**https://bit.ly/3do0vRy**






# #IWD 2021 Fine Gall: ceannaireacht, cruthaitheacht agus athrú á gceiliúradh

**Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, reáchtáil Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall sraith comhráite ar líne le mná a bhfuil róil cheannaireachta acu i bhFine Gall.**

Fiafraíodh de na rannpháirtithe cur síos a dhéanamh ar na cúiseanna a bhí acu lena rogha gairme a roghnú, nithe a bhfuil siad bródúil astu agus mná a spreagann iad.

Is cuid de thionscnamh de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall é seo chun aird na mban a tharraingt ar an Rialtas Áitiúil.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Is deis iontach é Lá Idirnáisiúnta na mBan chun ceiliúradh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag mná agus mná a spreagadh chun ról a ghlacadh i gceannaireacht agus in athrú.

"Baineann tábhacht leis an ócáid seo a cheiliúradh ainneoin nach féidir linn é sin a dhéanamh i gcomhluadar a chéile mar gheall ar na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair.

"Cúis áthais dom páirt a ghlacadh san imeacht fíorúil seo a thabharfaidh léargas do dhaoine ar ról luachmhar na mban sa pholaitíocht, sa spórt, san earnáil phoiblí agus dheonach, agus i ngach gné den saol go deimhin."

Tá sraith imeachtaí eagraithe ag Oifig Spóirt na Comhairle chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, lena n-áirítear ceardlanna do mhná maidir le Plean Forbartha agus Cosanta Imreoirí FAI, agus beifear ag díriú ar thionscadail agus ar thionscnaimh éagsúla a bheidh á reáchtáil faoi cholún an Bheartais um Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt.

Féach ar na comhráite IWD ar ár gcainéal YouTube:
**https://bit.ly/2RB5XI9**

# Bonanza do Bhaile Brigín



**D'fhógair An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD maoiniú de €25.4 milliún do Phlean Athnuachana Bhaile Brigín.**

Is é costas foriomlán réamh-mheasta na n-ocht dtionscadal ná €33.9 milliún agus tá Comhairle Contae Fhine Gall ag soláthar €8.5 milliún chun na feabhsuithe réimse poiblí a chur i gcrích, a bhfuiltear ag súil go gcuirfear i gcrích iad i 2027.

Cuimsíonn an plean feabhsuithe ar Shráideanna na Cé, an Droichid agus an Iarnróid, uasghrádú ar an gCuan, Promanáid agus ceantair chósta, agus forbairt Stiúideonna Ealaíontóirí agus Spás Nuálaíochta Digiteach/Déantóra ag 2/4 Sráid Bhaile Átha Cliath.

Beidh Rotharbhealach Chaisleán Bhrí Mhór go Caisleán Ard Giolláin mar chuid de Bhealach Cósta Fhine Gall, agus beidh croí uirbeach an bhaile nasctha lena conair ghlas, Abhainn na Raithneach, trí Pháirc Millpond.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy gur tosaíocht d'Fhine Gall é Plean Athnuachana Bhaile Brigín.

"Tacóidh feabhsuithe sa spás poiblí le cáilíocht na beatha agus le saol an phobail i mBaile Brigín. Tríd é seo a dhéanamh beidh siad mar bhunús le forbairt eacnamaíoch áitiúil chomh maith leis an aistriú go geilleagar agus sochaí dícharbónaithe atá ag croílár bheartais náisiúnta agus Fhine Gall."

**CÉIM 1: 2021-2023**
Réimse poiblí athshamhlaithe ag Sráid na Cé
Uasghrádú ar cheantar an chuain
Mol Ealaíne agus Nuálaíochta ag 2/4 Sráid Bhaile Átha Cliath





**CÉIM 2: 2023-2026**
Forbairt Shráid an Droichid
Feabhsuithe ar an bPromanáid agus ar an gceantar cósta
Rotharbhealach Caisleán go Caisleán

**CÉIM 3: 2026-2027**
Athnuachan Shráid an Droichid
Forbairt Pháirc Millpond



The National Framework for Living with COVID-19

Coronavirus **COVID-19** National Programme

# Taking Care of our Wellbeing & Resilience in Dublin

**COVID-19 has turned 2020 into a year like no other.**

The National Plan for Living with COVID-19 is fundamentally about our personal and collective resilience and wellbeing. So, let's start with ourselves — keeping well individually will help us support one another and our communities.

**We all need a little help at times – Healthy Ireland is building a programme of activities around five simple actions that we can all take to keep well.**

## 1 Keeping active

Outdoor activity is important for physical and mental health. Sport Ireland will support people to stay active through the winter. Look out for online activities you can join.

## 2 Keeping in contact

Person-to-person connection is vital to our wellbeing. Don't let isolation become a problem — ask for help if you need it, offer help if you can. The Dublin City and County Councils will provide a helpline and support services as part of The Community Call.

## 3 Getting creative

Learn something new, get back to nature, find ways to relax, rediscover your own locality. Engage creatively with local historical spaces and places. The Dublin City and County Councils and the Creative Ireland Programme will provide initiatives in the arts, crafting, culture and heritage.

## 4 Eating well

Make the connection between the food you eat and how you feel, mentally and physically. Bord Bia will support healthy eating this winter. Libraries will promote a grow your own food initiative for spring. Safefood's *START* campaign will help parents to introduce healthier habits with their kids.

## 5 Minding your mood

Anxiety is a real problem – do not ignore it. Find out where to go if you or someone you know needs support. The HSE's *yourmentalhealth.ie* website has useful information and look out for the upcoming HSE online *Minding Your Wellbeing* programme.



**The National Framework for Living with COVID-19 will help us to manage the risk associated with the virus. However, we also need to focus on wellbeing — the wellbeing of our country and the personal wellbeing of every one of us. That requires three things: healthy people, strong businesses and resilient communities.**

**Dublin Community Call helpline is there if you need practical support or someone to talk to:**

**01 222 8555** City
**01 271 3199** Dún Laoghaire-Rathdown
**1800 459 059** Fingal
**1800 240 519** South Dublin

**Make a daily plan to do at least one thing every day that will keep you well.**

There is an abundance of things to do and to discover in Dublin.

Find what's available at *gov.ie/HealthyIreland* or at the Dublin City and County Councils' websites.

Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council
dlr Comhairle Contae County Council
Comhairle Contae Átha Cliath Theas South Dublin County Council
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council
hi Healthy Ireland
Sláintecare. Right Care.Right Place.Right Time.
Rialtas na hÉireann Government of Ireland

# An chéad chéim eile tógtha i ndáil le suíomh forbartha Bhaile Mastún



**Roghnaíodh Glenveagh Living Ltd mar an fothairgeoir tosaíochta don chonradh chun láithreán 32-heicteár a fhorbairt ag Baile Mastún, Domhnach Bat.**

Is cuid de ghealltanas Chomhairle Contae Fhine Gall an soláthar tithíocht phríobháideach agus phoiblí sa chontae a mhéadú agus pobail inbhuanaithe a chruthú.

Forbrófar an suíomh seo de réir cheanglais an dearaidh agus an chéimnithe uirbigh de Phlean Ceantair Áitiúil (PCA) Dhomhnach Bat agus áireofar ann infreastruchtúr tacaíochta sóisialta agus fisiciúil a sholáthar.

Cuirfidh Glenveagh Living Ltd a phleananna ar fáil don phróiseas pleanála a sholáthróidh deis le haghaidh comhairliúcháin phoiblí laistigh den phróiseas leanúnach agus chomh maith leis sin beidh sé faoi réir cheadú foirmiúil na gComhaltaí Tofa don phróiseas diúscartha talún agus pleanála reachtúil.

Beidh forbairt Bhaile Mastún á déanamh de réir Phlean Forbartha Contae Bhaile Mastún 2017 – 2023 agus Phlean Ceantair Áitiúil Dhomhnach Bat 2016 – 2026, a bhfuil comhairliúchán poiblí forleathan curtha i gcrích i ndáil leo, agus ina sainaithnítear na saincheisteanna pleanála spásúlachta straitéisí agus an fhís atá ann maidir le forbairt struchtúrtha agus fás cothrom i nDomhnach Bat.

Tá súil ag Glenveagh Living Ltd thart ar 1,200 aonad cónaithe a sholáthar ina mbeidh meascán tionachta mar atá forordaithe sa tairiscint - 60% tithíocht phríobháideach, 20% tithíocht phríobháideach lascainithe agus 20% tithíocht shóisialta.

Táthar ag súil gur praghas €250,000 a bheidh luaite le teach dhá sheomra agus €270,000 le haghaidh teach trí sheomra sa tithíocht phríobháideach lascainithe.

Beidh rátáil fuinnimh A, ar a laghad, luaite le gach teach nó árasán a sholáthraíonn Glenveagh Living Ltd.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag Glenveagh Living Ltd thart ar 12% den suíomh a fhorbairt mar spás poiblí oscailte agus páirceanna beaga agus mionpháirceanna a sholáthar gar don tithíocht.

Tá ról tábhachtach ag Domhnach Bat i réigiún Fhine Gall trí chéile agus tá an poitéinseal aige tacú le caighdeán beatha ar ardchaighdeán a sholáthraíonn rochtain ar chultúr agus ar oidhreacht, ar an gcósta, uiscebhealaí, an chathair agus an t-aerfort.

Tá an Chomhairle dírithe ar phobal rathúil agus inbhuanaithe a sholáthar trí infreastruchtúr sóisialta agus fisiciúil a fhorbairt agus naisc idir pobail nua agus reatha a fheabhsú.

Faigh tuilleadh eolais faoinár bpleananna Baile Mastún anseo: **https://bit.ly/3slZw8r**


**Imprisean an ealaíontóra d'fhorbairt críochnaithe Bhaile Mastún**





# LÉIM FHINE GALL ISTEACH








**De deiseal ón mbarr ar chlé: Tugann an Maor Sár-Scoile Bridie O'Neill mothú Fhéile Fhéile Pádraig go Scoil Náisiúnta Naomh Mochta agus Scoil Choilm, Clonsilla; Téann an Garda Tiberiu Badiceanu & an Garda Robert Berg isteach sa spiorad ag Applegreen, Balbriggan; Tugann Paráidí Baile na féilte abhaile; Éirí gréine in earrach na bliana ag Inbhear Broad-meadow; Tá Páirc Seagrange i Baldoyle faoi bhláth go hálainn**





# I LÁ FHÉILE PÁDRAIG







**De deiseal ón mbarr: “Dúisigh Éire” ag Draoícht, Baile Bhlainséir; Casino Malahide ag breathnú lonrúil i glas; Taispeánann Newbridge House a fhíor dathanna; Tugann Caisleán Sord onóir do lá náisiúnta na hÉireann le gliondar emerald**








# Seoladh mór Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste

**Bunaíodh Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste chun freagairt do na dúshláin dheacra atá roimh an réigiún a d'aithin comhthuarascáil ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Uladh.**

Deirtear sa tuarascáil, Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste: Próifíl Reatha, Acmhainneacht Téarnaimh & Deiseanna do Chomhoibriú, gur am tráthúil é seo chun Conair eacnamaíoch thuaidh-theas a chruthú i bhfianaise na ndúshlán atá roimh an réigiún agus é ag dul i ngleic le tionchar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus paindéim COVID-19.

Chuaigh Comhairle Contae Fhine Gall le chéile le hocht n-údárás áitiúil eile atá suite ar feadh na Conaire, ón dá thaobh den teorainn, agus leis an dá Ollscoil chun obair le chéile chun bealaí a aimsiú chun na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tuilleadh forbartha ar an gConair a bhaint amach.

Le daonra os cionn 2 mhilliún, níos óige agus níos ilghnéithí ná aon chuid eile d'Éirinn le 15% a rugadh taobh amuigh den oileán, agus lucht saothair oilte a bhfuil cáilíocht triú leibhéal ag 34% acu tá an cumas ag an réigiún pléascadh le deiseanna fostaíochta.

Bunófar struchtúir rialachais oibre a chothromóidh maoirseacht agus gníomhaíocht laethúil agus soláthróidh Bord Maoirseachta agus Rialachais iad. Beidh 24 comhairleoir ann, triúr ó gach comhairle, agus beidh an Comhairleoir David Healy, An Comhairleoir Tony Murphy agus An Comhairleoir Howard Mahony ag déanamh ionadaíochta ar Chomhairle Contae Fhine Gall ar an mBord.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá tuiscint i measc gach duine a bhfuil baint acu le Tionscadal Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste go mbeidh am, fuinneamh agus tacaíocht ag teastáil chun éiteas láidir comhoibrithe a fhorbairt."

Bhí tuiscint i measc gach duine a bhí bainteach leis go mbeadh am, fuinneamh agus tacaíocht ag teastáil chun éiteas láidir comhoibrithe a fhorbairt. Is é an cuspóir láithreach áfach, acmhainní an líonra a threisiú i réimse ar féidir leo luach suntasach a chur le forbairt eacnamaíoch an réigiúin ag am a bhfuil éiginnteacht mhór eacnamaíochta agus shóisialta ann.

Faigh tuilleadh eolais faoin DBEC anseo:
**https://bit.ly/3tqxyK3**

## Údaráis Áitiúla

Comhairle Chathair Ard Mhacha, Droichead na Bána agus Craigavon
Comhairle Cathrach Bhéal Feirste
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Comhairle Contae Fhine Gall
Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus An Caisleán Riabhach
Comhairle Contae Lú
Comhairle Chontae na Mí
Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrna agus an Dúin

## Comhpháirtithe

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Uladh

# Cuireann Bealach Cósta Fhine Gall tús leis an dara babhta comhairliúcháin

**Chuir Comhairle Contae Fhine Gall tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí ar Bhealach Cósta Fhine Gall, an glasbhealach cósta 32 ciliméadar do choisithe agus rothaithe a shíneann ó Dhiméin an Droichid Nua i nDomhnach Bat go lastuaidh de Bhaile Brigín.**

Chun deis a sholáthar do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt aiseolas ar roghanna féideartha an bhealaigh, cuirfear comhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar siúl ar líne ón 15 Aibreán go dtí an 27 Bealtaine. Mar gheall ar shrianta sláinte poiblí reatha atá ar thionóil, ní féidir imeacht comhairliúcháin phoiblí a chur ar siúl a bhfreastalaíonn daoine air i bpearsan, ach ina ionad seo, tá go leor ábhar cúlra á chur ar fáil ar thairseach chomhairliúchán Chomhairle Contae Fhine Gall, ar féidir teacht air trí **https://bit.ly/3snaCdz**

Cuirfidh an t-eolas a bhailítear mar chuid den chleachtadh seo eolas ar fáil don mheasúnú agus don dearadh a dhéanfar ar an scéim agus cabhróidh sé leis an bhfoireann tionscadail rogha bealaigh a shainaithint don scéim, a chuirfidh le comhairliúchán breise ar an rogha bealaigh in 2021 agus le hiarratas pleanála, ar deireadh thiar, a dhéanfar leis an mBord Pleanála in 2022.






Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. David Healy: "Píosa ríthábhachtach de bhonneagar taistil ghníomhaigh é Bealach Cósta Fhine Gall atá á thabhairt chun cinn ag Comhairle Contae Fhine Gall. Spreagaim cónaitheoirí agus páirtithe leasmhara amharc ar na pleananna agus a ndearcthaí a chur in iúl faoin bpróiseas roghnaithe bealaigh atá ar siúl."

"Is iomaí tairbhe a chruthaíonn glasbhealaí, idir aer níos glaine air agus sláinte phoiblí níos fearr, astaíochtaí carbóin níos ísle agus deiseanna nua caitheamh aimsire agus turasóireachta. Tá an tionchar geilleagrach dearfach a d'imir glasbhealaí i gceantair eile timpeall na tíre, agus táim cinnte go n-imreoidh clár uaillmhianach glasbhealaigh Chomhairle Contae Fhine Gall an tionchar céanna i bhFine Gall."

Déanfaidh an tionscadal suaitheanta ceangal ar deireadh le Bealach €12 milliún an Mhóinéir Leathain, bealach easbhóthair siúil agus rothaíochta atá 6 chiliméadar ar fad a nascann Mullach Íde agus Domhnach Bat trasna Inbhear scéimhiúil an Mhóinéir Leathain. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ag an dearadh agus an phleanáil atá á ndéanamh ar an nGlasbhealach ó Mhullach Íde go Cill Fhionntain a dhéanann an stráice a nascadh a osclaíodh le déanaí ó Bhaile Dhúill go Port Mearnóg, trí Shráidbhaile Phort Mearnóg.

Cuirfidh an scéim mhór píosa de bhonneagar glasbhealaigh ar fáil a mbaineann tábhacht náisiúnta leis agus tá sé á chistiú ag an Roinn Iompair (faoina chiste Cáin Charbóin), an Roinn Tithíochta,




Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach) agus ag Comhairle Contae Fhine Gall.

Dúirt an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly: "Is ollmhór do na deiseanna a chruthaíonn Bealach Cósta Fhine Gall, ní hamháin díreach mar thairiscint turasóireachta, ach mar áineas luachmhar do dhaoine a chónaíonn sa chontae. Tugann Comhairle Contae Fhine Gall príomhtús áite do bhonneagar glasbhealaigh a sholáthar, agus tá roinnt príomhthionscadal á gcur chun cinn againn le roinnt blianta anuas trí na céimeanna pleanála agus dearaidh."

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh ar an mbabhta is déanaí seo de chomhairliúchán poiblí a fhaide leis an 27 Bealtaine tríd an tairseach chomhairliúchán phoiblí **https://bit.ly/3wXZ9o9** nó sa phost chuig Bealach Cósta Fhine Gall, An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh, Comhairle Contae Fhine Gall, Áras an Chontae, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath.





The Séamus Ennis Arts Centre

Seachtain na Gaeilge le energia

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council









# Seachtain na Gaeilge Fhíorúil i bhFine Gall

**Rinne Comhairle Contae Fhine Gall ceiliúradh ar an nGaeilge agus an cultúr le clár iontach ar líne le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i mbliana.**

In partnership with the Seamus I gcomhar le hIonad Séamus Ennis, chuireamar ceiliúradh ar siúl ar an gceol traidisiúnta, beo ar Facebook agus ar YouTube ina nglac sárghrúpa  ceoltóirí páirt.

Bhí de chuspóir againn, i rith na féile, ón 1 go dtí an 17 Márta, chun an grá don teanga a athbheochan trí réimse fairsing ábhar ar líne, an ceol, an scéalaíocht, agus an spórt san áireamh agus spreagamar duine pé Gaeilge atá acu a úsáid – Bain Triail Aisti.




Bhí Conal Ó Gráda, Muireann Nic Amhlaoibh agus Billy Mag Fhloinn, Róisín Chambers agus Luke Ward, Caitlín Nic Gabhann agus Ciarán Ó Maonaigh ag seinm inár seisiún ar líne. Bhí na ceoltóirí ag 'zúmáil isteach' sa seisiún beo ó áiteanna fud fad na hÉireann agus bhí oíche den scoth ann don lucht féachana idirnáisiúnta beo  ar an oíche agus dóibh siúd a d'fhéach ar an taifeadadh ar Facebook agus Youtube atá fós ar fáil.

Cairde le Seachtain na Gaeilge i bhFine Gall le fada an lá iad Antaine Ó Faracháin agus Nollaig Mac Cárthaigh agus bhí gliondar croí orainn fáilte a chur rompu arís eile chun teacht le chéile ceolmhar dlúthphearsanta ar Zoom. Ghlac daoine in ann páirt a ghlacadh ann trí amhrán a chasadh iad féin.

Rinne Leabharlanna Fhine Gall Códú i nGaeilge le The Academy of Code agus bhí scéalaíocht ar siúl leis an scéalaí traidisiúnta Gaeilge Niall de Búrca agus ceardlann cniotála le Cleas teoranta agus go leor ábhair eile. Chuir Oifig Spóirt Fhine Gall ábhar in airde gach lá agus bhí físeáin scileanna ar fáil leis na laochra spóirt, Ciarán Kilkenny, réalta CLG Bhaile Átha Cliath agus Cruicéadaí ar fhoireann na hÉireann, Lorcan Tucker.

Bhí ár n-ábhar ar líne go léir dírithe go príomha ar an teanga agus an cultúr a cheiliúradh agus a chur chun cinn agus bhí go leor ábhar ar fáil le taitneamh a bhaint astu inár Meáin Shóisialta, Logainm an Lae agus Seanfhocal an Lae san áireamh.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. David Healy: "Cuid bheo bheathach dár n-oidhreacht í an Ghaeilge agus imeacht tábhachtach bliantúil é Seachtain na Gaeilge. Tá gach rud difriúil i mbliana, dar ndóigh, agus táim an-sásta go bhfuil an fhormáid ar líne á glacadh chucu féin ag Comhairle Contae Fhine chun clár iontach a chur le chéile do Sheachtain na Gaeilge chun an Teanga a chur chun cinn i bpobal i bhfad níos leithne."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, "Is gnách go gcuirimid fáilte roimh dhíograiseoirí i bhFine Gall i rith Sheachtain na Gaeilge chun freastal ar imeachtaí inár Leabharlanna agus in Áras an Chontae agus tá súil agam go mbain siad, agus lucht féachana níos leithne, taitneamh as an bhféile i mbliana trínár n-ábhar ilchineálach ar líne.

"Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do thacú leis an bpobal Gaeilge agus Ealaíon agus tá gliondar croí orm seo a dhéanamh freisin tríd an bhféile seo trí ardán a sholáthar do cheoltóirí traidisiúnta agus a lucht éisteachta chun páirt a ghlacadh sa teanga agus sa chultúr ar líne."



# Imeachtaí Leabharlainne faoi bhláth ar líne

**Seo blaiseadh don méid atá ag tarlú – agus an méid atá le teacht.**

Ón gcéad dianghlasáil i mí an Mhárta 2020 tá gach imeacht tar éis bogadh ar líne amháin, arna éascú ag cainéal YouTube agus ardáin meán sóisialta Leabharlanna Fhine Gall. Lig sé seo dúinn leanúint lenár gclár líonmhar imeachtaí.

Cuireann ár mbróisiúr Earraigh, atá inrochtana ag **https://bit.ly/2QvOmB3** béim ar mheascán d'fhíseáin ar líne, seimineáir ghréasáin agus ranganna ar líne faoi chláir ar nós Éire Shláintiúil, Seachtain na nInnealtóirí agus Seachtain na Gaeilge.

Cuimsíonn na seimineáir ghréasáin bheo ceann a thug an réalt CLG Shane Carthy faoi agallamh ag Damien O'Meara ó RTÉ. I measc na seimineár gréasáin atá le teacht tá an t-iriseoir Edel Coffey i gcomhrá le Doireann Ní Ghríofa (Buaiteoir 'An Post Book of the Year' 2020) agus Rónán Hession arb é a leabhar 'Leonard & Hungry Paul' an rogha 'One Dublin One Book' do 2021.

Tá mí Aibreáin tiomnaithe don Earrach in Am Scéalaíochta, cuid de chlár Náisiúnta Ceart Léitheoireacta LGMA. Déanfar físeáin scéalaíochta a uaslódáil agus a roinnt ar ár gcainéil i rí na míosa.

I mí na Bealtaine, déanaimid céiliúradh ar Bealtaine, ceiliúradh náisiúnta na hÉireann ar na healaíona agus cruthaitheacht agus muid ag dul in aois, le clár imeachtaí lena n-áireofar léiriú taifeadta ag Amharclann Carnation (ar fáil ar an 27 agus 28 Bealtaine) agus clár beo 'Getting Hitched' (Déardaoin 6 Bealtaine ag 11.30rn).

I measc na dtaitneamhachtaí eile a bhaineann le Bealtaine tá cúrsa 5 seachtaine ar líne dar teideal Ag Dul i nGleic le Google; Buneolas ar Gmail, Cuardach Google, Léarscáileanna Google agus Google Drive le cccSkerries, 4 sheisiún ióga cathaoireach beo le Erica Tracey ón Tearmann Ióga, scéalaíocht taifeadta le Niall de Burca, ranganna cniotála taifeadta le Cleas Teoranta agus ceardaíocht le Wicklow Willow.




# Fíorphobal i gclub leabhar fíorúil




**D'eascraigh Club Leabhar Ar Líne Leabharlanna Fhine Gall as riachtanas i Meán Fómhair 2020**

Tá deichniúr ball rialta againn anois, a thagann le chéile trí Fhoirne MS, ar an triú Céadaoin den mhí.

Bhain an club taitneamh as páirt a ghlacadh san fheachtas 'Ireland Reads' i mí Feabhra agus bhí fíoráthas orthu fáilte a chur roimh Liz Nugent do chuairt údair i mí an Mhárta. An mhí seo, táimid ag léamh 'Leonard and Hungry Paul' le Rónán Hession.

Táimid ag glacadh páirt i Seó Leabhar Raidió a hAon RTÉ le Rick O'Shea i mí Aibreáin agus bhí lúcháir orainn a bheith i dteannta Rónán Hession don seó. Bí cinnte éisteacht agus muid ag Þafraí faoina phróiseas scríbhneoireachta agus na rudaí is breá leis faoina leabharlann áitiúil i mBaile Dúill.

Táimid i gcónaí sásta fáilte a chur roimh bhaill nua chuig an gclub leabhar ar líne nó b'fhéidir go mb'fhearr leat formáid an Chlub Díograiseoirí Leabhar Fhine Gall nua ar ár leathanach Facebook.

Má tá tú ag smaoineamh ar do chlub leabhar féin a bhunú, tá go leor comhairle agus acmhainní ar fáil duit i Leabharlanna Fhine Gall. Ná bíodh leisce ort dul i dteagmháil le haghaidh tuilleadh sonraí ag **ciara.farrell@fingal.ie**.



# Spiorad pobail beo beathach i mBaile Dúill

**Cúis bhróid do Mark Gibney agus Lesleyann Flynn go bhfuil siad ag cur fúthu i mBaile Dúill.**




Cúis bhróid do Mark Gibney agus Lesleyann Flynn go bhfuil siad ag cur fúthu i mBaile Dúill. Deis ba ea a rannpháirtíocht le Club CLG Na Dubh Ghall - Mark mar Chathaoirleach, Lesleyann mar thuismitheoir agus oibrí deonach - a bheith páirteach sa phobal agus obair mhaith a dhéanamh.

Bhí tuiscint shoiléir ag Mark ar an mbéim a bheadh á leagan ag Na Dubh Ghall ar an bpobal. "Ní éireoidh leat aon dul chun cinn a dhéanamh mura bhfuil an pobal ag tacú leat. Dá réir sin, chinneamar go mbeimis páirteach sa phobal ar an bpáirc peile agus sa phobal trí chéile."

Bhí baint againn le heagrú imeachtaí cosúil leis an Lá Spraoi do Theaghlaigh agus Féile na Bealtaine, agus le tamall anuas tá an club ag eagrú deiseanna do dhaoine atá ag clutharú i rith Covid-19 dul chuig an siopa chun bia a cheannach. "Is iad pobal Bhaile Dúill atá i mbun na hoibre seo. Chabhraigh 50 oibrí deonach leis na turais chuig an siopa a eagrú. Laethanta áirithe bhí muid i mbun siopadóireachta le haghaidh 20 nó 25 duine - stop mé ag comhaireamh nuair a bhí muid i ndiaidh siopadóireacht a dhéanamh le haghaidh 350 duine.

*"Bhí daoine ag lorg bealaí nua chun cabhrú le daoine eile. B'iontach an rud é sin i rith ré a bhí chomh dorcha sin."*

"Cuireadh in iúl dúinn, as thart ar 1600 club CLG in Éirinn, go ndearna Na Dubh Ghall an méid is mó seachadtaí bia in Éirinn. Ach ní hé sin an aidhm a bhí againn. Is é an aidhm a bhí againn a chinntiú go raibh aire á tabhairt do gach duine sa cheantar, go raibh na rudaí a theastaigh uathu acu, nach raibh siad ar an ngannchuid agus nach raibh siad neirbhíseach."

I measc na n-iarrachtaí eile a rinne siad bhí forbairt Chlár an Ambasadóra Sráide, smaoineamh simplí a raibh athruithe móra dá thoradh.

Bhí Mark iontach sásta gur éirigh go hiontach leis an gcur chuige: "Bhí daoine ag lorg bealaí nua chun cabhrú le daoine eile. B'iontach an rud é sin i rith ré a bhí chomh dorcha sin."

*Ní éireoidh leat aon dul chun cinn a dhéanamh mura bhfuil an pobal ag tacú leat.*

Thosaigh Lesleyann ag cabhrú le seirbhís dheonach an tsiopa bia trí ghrúpa Whatsapp thuismitheoirí Na Dubh Ghall.

"Bhí mé lánsásta lámh chúnta a thabhairt ón tús. Dúirt mé go raibh fonn orm cabhrú.

"Theastaigh uaim rud éigin fiúntach a dhéanamh nuair a bhí go leor daoine ag mothú beagán trína chéile.

"Nóiméad amháin, lá amháin bhíomar ag obair agus gan choinne, bhí gach rud dúnta, bhí gach duine sa bhaile, bhí gach duine ag obair ón mbaile agus ní raibh cead ag leanaí freastal ar an scoil, ní raibh cead ag leanaí spórt a imirt, ní raibh cead ag leanaí a bheith ag spraoi lena gcairde nó tamall a chaitheamh i mbun gníomhaíochtaí iarscoile - bhí rudaí ag tarlú sa mhullach ar a chéile.

"Dá réir sin, bhí imní orm agus mhothaigh mé nach raibh fiúntas ar bith le mo shaol agus theastaigh uaim cabhrú leis an bpobal ar bhealach éigin."

Trína cuid oibre deonaí d'éirigh le Lesleyann teagmháil a dhéanamh le daoine leochaileacha agus scoite ar fud an phobail a bhí ag mothú imníoch, faiteach, agus go háirithe, uaigneach.


"Níl sa tsiopadóireacht ach gné amháin den scéal. Bhain tábhacht leis an gcumarsáid, an sóisialú, bualadh le duine gach seachtain - agus tamall maith a chaitheamh ag comhrá ar leac an dorais, suas le huair an chloig lá amháin sílim. Agus ní raibh aon duine ag dul chomh fada leis na daoine sin i rith na seachtaine chun tamall a chaitheamh i mbun comhrá leo ach mise."

*"Ba é an buntáiste ba mhó a bhain leis an obair seo go raibh a fhios agam go rud beag á dhéanamh agam a*

Mhínigh Lesleyann nár theastaigh ó na daoine sin ach tamall a chaitheamh i mbun comhrá, "agus ainneoin gur seirbhís riachtanach ba ea a gcuid siopadóireachta a dhéanamh dóibh, bhain tábhacht chomh maith céanna le teagmháil a dhéanamh le daoine ar d'aithne.

"Ba é an buntáiste ba mhó a bhain leis an obair seo go raibh a fhios agam go rud beag á dhéanamh agam a bhí ag cabhrú go mór le duine éigin"

Éist le podchraoladh Valuing Our Volunteers ag:
**https://bit.ly/3mPicfS**


Coronavirus
COVID-19
Public Health
Advice
WASH
and
GO
CLEAN HANDS STOP THE
SPREAD OF COVID-19
Stay safe.
Protect each other.
hse.ie
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# GNÓ INBHUANAITHE

- Chun tairbhe Gnó
- Chun tairbhe na Timpeallachta
- Chun tairbhe Custaiméirí

FINE GALL
INBHUANAITHE

## Gnó Inbhuanaithe ag tacú le FBManna aird a thabhairt ar bhearta glasa

**Is é an aidhm atá le tionscnamh an Ghnó Inbhuanaithe, FBManna ar fud Fhine Gall a spreagadh chun bearta inbhuanaithe a bhunú ina gcuid gnóthaí, trí thacar uirlisí agus acmhainní praiticiúla a chur ar fáil dóibh chun cabhrú leo.**

Mar chuid dár dtiomantais atá sonraithe i bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide Fhine Gall cabhróidh sé seo le gnóthaí tabhairt faoi chleachtais a chinnteoidh go mbeidh an tionchar atá acu ar an timpeallacht á laghdú.

Tá leathanach baile tiomnaithe d'Fhine Gall Inbhuanaithe le fáil ag **https://bit.ly/3ebl9DB** agus tá eolas le fáil ar an suíomh gréasáin sin maidir leis na cineálacha tacaíochtaí atá ar fáil agus eolas chun cabhrú le FBManna inbhuanaitheacht a chuimsiú faoi na príomh-cheannteidil seo a leanas - Fuinneamh, Uisce & Dramhaíl.

**Dámhachtain Inbhuanaitheachta**

Mar chuid den tionscnamh seo, tá comórtas á reáchtáil ag an gComhairle chun gnóthaí a spreagadh tabhairt faoina n-aistear inbhuanaitheachta agus tá deis acu Plean Measúnaithe & Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta a bhuachan ó Patel Tonra Ltd. Environmental Solutions atá bunaithe i mBaile Brigín.

*"D'fhéadfadh go mbeadh cur chuige gnó inbhuanaithe mar bhonn le héifeachtúlachtaí, coigilteas costais, agus custaiméirí nua"*

Déanfaidh Patel Tonra athbhreithniú ar chur chuige inbhuanaitheachta an fhiontair agus soláthróidh sé tuarascáil ina dtarraingeofar aird ar réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú agus plean gníomhaíochta molta.

Chomh maith leis sin, tá deis ag na gnóthaí rannpháirteacha ceann de cheithre dhearbhán €500 a bhuachan dá gcustaiméirí. Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiontrálacha, **Dé hAoine, an 28 Bealtaine 2021.**

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an gComhairleoir, Tony Murphy, Cathaoirleach an Choiste um Beartas Straitéiseach Geilleagrach, Fiontar agus Forbartha Turasóireachta: "Tá sé ciallmhar go mbeadh gnóthaí ag tabhairt airde ar inbhuanaitheacht. D'fhéadfadh go mbeadh cur chuige inbhuanaithe gnó mar bhonn le héifeachtúlachtaí, coigilteas costais agus tá an cumas aige cabhrú le do ghnó custaiméirí nua a aimsiú agus conarthaí nua a shíniú."

Tharraing an Príomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly, aird ar an nasc idir gnó inbhuanaithe agus cuspóirí athraithe aeráide níos ginearálta. "Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall lena Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide i Meán Fómhair 2019 agus tá ár gcéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn díreach foilsithe againn agus léirítear ann go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le príomhspriocanna an phlean."

## Scéim Cúnaimh do Ghnóthaí Beaga le haghaidh Covid ag fáiltiú roimh


**Moltar do Ghnóthaí i bhFine Gall iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim Cúnaimh do Ghnóthaí Beaga le haghaidh COVID (SCGBC).**

Tá sé beartaithe go gcuirfear an tacaíocht airgeadais seo ar fáil do ghnóthaí ag a bhfuil costais oibriúcháin nach gcáilíonn do Scéim Tacaíochta Srianta COVID (STSC) na gCoimisinéirí Ioncaim.

Níl an deontas seo, atá ar fáil mar ranníocaíocht le haghaidh costais sheasta chun cabhrú le gnó feidhmiú go dtí gur féidir leis oscailt arís, ar fáil ach d'iarratasóir ag a bhfuil maoin inrátaithe.

Is í an tréimhse atá i gceist leis an scéim an 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021. Gheobhaidh gach iarratasóir incháilithe íocaíocht de €4,000 mar aon le híocaíocht bhreise de €4,000 ó mhí na Bealtaine 2021 le haghaidh iarratasóirí a bhfuil critéir cháilitheachta na scéime á gcomhlíonadh acu go leanúnach.

Tá tuilleadh sonraí agus eolais maidir le hiarratas a dhéanamh le fáil ar Shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall ag **https://bit.ly/3mPiUd2**



# An-rath ar an gcéad Seachtain Fiontair Áitiúil fíorúil

**Le tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus Fiontraíocht Éireann, reáchtáil Oifigí Fiontair Áitiúil (OFA) Fhine Gall an chéad Seachtain Fiontair Áitiúil (SFA) fíorúil le haghaidh breis is 2,000 fiontraí agus úinéir gnó i bhFine Gall.**

Reáchtáil OFA Fhine Gall 11 imeacht i rith na seachtaine, agus tugadh deis do ghnóthaí ar fud na tíre tairbhe a bhaint as 10 n-imeacht Spotsolais.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Ceannasaí Fiontair Chomhairle Contae Fhine Gall, Oisín Geoghegan, faoin gcéad SFA ar líne: "Chinneamar na himeachtaí ar fad a bhí eagraithe againn don tSeachtain Fiontair Áitiúil a reáchtáil ar líne den chéad uair, ionas go mbeidís chomh inrochtana agus ab fhéidir do ghnóthaí áitiúla.

"D'éirigh thar barr leis an tseachtain agus d'fhoghlaim breis is 2,000 gnólacht nuathionscanta agus gnó as ar fud an chontae faoi réimsí éagsúla cosúil leis an ngeilleagar glas, a bheith níos iomaíche agus deiseanna nua a scrúdú ar líne mar aon le heolas a bhailiú faoi na tacaíochtaí a d'fhéadfadh dul chun tairbhe a ngnóthaí in 2021."

I measc bhuaicphointí na seachtaine bhí ócáid speisialta le buaiteoir Dhámhachtain Náisiúnta Fiontair, Derya Sousa; an seimineár gréasáin dar teideal 'Instagram for Business'; seisiún ar líne Ghréasán Mhná Fiontraíocha Fhine Gall (FEWN) ar ghlac an láithreoir teilifíse Gráinne Seoige páirt ann—chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh; agus seoladh oifigiúil an chéad séasúir de 'Podchraoladh Gnó Fhine Gall'.

Ag an seimineár gréasáin dar teideal "Working Smarter to Future Proof Your Business" tharraing Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy aird ar an deis a bhí ann d'fhiontair bheaga tairbhe a bhaint as an raon leathan tacaíochtaí atá ar fáil dóibh: "Trínár nOifig Fiontair Áitiúil, tá seirbhísí agus cúnamh riachtanach á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall do ghnóthaí áitiúla. Is mian linn a chinntiú go mbaineann FBManna lántairbhe as na cláir agus as na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil dóibh trí OFA agus comhlachtaí stáit eile."

Labhair AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, le breis is 200 bean ghnó ag imeacht lóin bhliantúil Ghréasán Mhná Gnó Fhine Gall: "Beagnach bliain i ndiaidh sheoladh imeachtaí ar líne Ghréasán Mhná Fiontraíocha Fhine Gall, tá Comhairle Contae Fhine Gall fós tiomanta d'ardán ar líne a chur ar fáil do gach bean ghnó sa réigiún, a chuirfidh ar a gcumas teagmháil a dhéanamh lena chéile agus gréasáin tacaíochta riachtanacha a bhunú."

## An-rath ag Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair 2021



**Bhuaigh ceann de na cuideachtaí a bhfuil OFA Fhine Gall ag tacú leo an Dámhachtain don Easpórtáil is Fearr ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontair i mbliana.**

Tá éirithe go maith le Kianda Technologies, ar thacaigh OFA Fhine Gall leo, dul chun cinn suntasach a dhéanamh i margaí easpórtála domhanda lena mbogearraí uathoibrithe gnó a shruthlíníonn próisis ghnó i réimsí cosúil le hairgeadas, AD agus cáilíocht agus tá siad ag feidhmiú faoi scáth Fhiontraíocht Éireann le tamall anuas.






Grianghraif ón mbarr: Rath do Kianda Technologies ag Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta; Déanann bunaitheoirí Kianda Derya agus Osvaldo Sousa ceiliúradh ar a rath; le linn na Seachtaine Fiontar Áitiúil 2021 bhí réimse imeachtaí ar líne faoin mana "Making It Happen".

# Tosaíonn BAM ag obair i mBaile Bhlainséir




**Chuir BAM Civil Ltd. tús le hobair ar Scéim Uasghrádaithe Idirmhalartaithe Snugborough i mBaile Bhlainséir.**

Cuimsíonn an tionscadal, arna chómhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair, an dara droichead a thógáil thar phríomhbhealach náisiúnta an N3 le lánaí nua bus, cosáin, rotharbhealaí cosanta agus lánaí tráchta a thugann inrochtaineacht fheabhsaithe ar Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir agus Crios Fiontraíochta Cheantar Bhaile Átha Cliath i Mulllach Eadrad.

Tá na hoibreacha á ndéanamh de réir threoir sláinte poiblí agus tá bearta sábháilteachta iomchuí i bhfeidhm.

Beidh bainistíocht shuntasach tráchta i gceist ar an N3 agus ar Bhóthar Snugborough agus cuirfear tuilleadh sonraí in iúl don phobal áitiúil agus do pháirtithe leasmhara eile de réir mar a fhorbraíonn an conraitheoir agus Comhairle Contae Fhine Gall iad.

Dearadh an scéim chun dul i ngleic le saincheisteanna brú tráchta an líonra agus chun feabhsuithe suntasacha a sholáthar do choisithe, do rothaithe agus do sheirbhísí bus. Meastar go mbeidh an costas thart ar €22 milliún.

Tá bearta chun éifeachtúlacht oibríochta an dá achomhal ar gach taobh den N3 a fheabhsú lena n-áirítear bearta tosaíochta bus a thacóidh leis an tionscadal Bus Connects san áireamh sa tionscadal.

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Tá tábhacht straitéiseach ag uasghrádú Acomhail Snugborough d'fhorbairt ceantar Bhaile Átha Cliath 15. Chomh maith le feabhsuithe suntasacha a sholáthar do thiománaithe, do choisithe agus do rothaithe, tá gné eacnamaíoch ríthábhachtach aige mar go n-éascóidh an t-uasghrádú inrochtaineacht fheabsaithe ar 800 gnóanna  atá suite i gCrios Fiontraíochta Cheantar Bhaile Átha Cliath."

Dúirt Matthew McAleese, Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh: "Soláthróidh Acomhal Snugborough, ar phríomhthionscadal é laistigh dár gclár caipitil, feabhsuithe suntasacha iompair do Bhaile Átha Cliath 15. Fáiltímid roimh thiomantas an Údaráis Náisiúnta Iompair páirt-mhaoiniú a dhéanamh ar an scéim seo agus táimid ag súil leis an tionscadal seo a sheachadadh.

Dúirt Micheal Aherne, Ceann Forbartha Iompair san Údarás Náisiúnta Iompair: "Tá an-áthas ar an UNI dul i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Fhine Gall ar an bhfeabhsú luachmhar seo don líonra rothar agus coisithe agus bus i gceantar Bhaile Bhlainséir. Tá an tionscadal seo mar chuid den phlean siúil agus rothaíochta cúig bliana do cheantar Fhine Gall a spreagfaidh infheistíocht shuntasach i mbonneagar taistil inbhuanaithe do cheantar Bhaile Átha Cliath 15 mar aon le Bus Connects sna blianta atá amach romhainn."



# Ag bogadh i dtreo Baile Brigín níos sábháilte

**Chomhaontaigh Grúpa Colúin Bhaile Brigín Sábháilte clár oibre ardleibhéil le trí phríomhghné tar éis a chéad chruinnithe i mí an Mhárta.**

Phléigh an grúpa na saincheisteanna atá mar bhunús gach ceann de na trí théama oibre agus rinne siad iniúchadh ar na dúshláin atá roimh Bhaile Brigín mar an baile is óige agus is ilghnéithí in Éirinn.

I measc na ndúshlán seo, tá rochtain uilíoch ar sheirbhísí, acmhainní a fháil, agus feabhsuithe fhisiceacha ar spásanna poiblí chun sábháilteacht an phobail a fheabhsú.

Scrúdaigh an Grúpa Colúin deiseanna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bunúsacha na dtrí ghné oibre, roghnaigh siad réimsí le haghaidh comhoibrithe chun cuspóirí a bhaint amach, agus d'aithin sé príomhpháirtithe leasmhara eile, sa bhaile agus níos faide i gcéin, chun dul i gcomhairle leo de réir mar a théann a gcuid oibre ar aghaidh.

Ghlac ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, An Garda Síochána, Foróige agus Comhairle Contae Fhine Gall páirt sa chruinniú tionscnaimh chun raon na ngníomhaíochtaí atá ann cheana agus atá beartaithe i mBaile Brigín ag na gníomhaireachtaí éagsúla seo a phlé.

Labhair cathaoirleach Cholún Bhaile Brigín Sábháilte, Michael O'Sullivan, tar éis an chruinnithe: "Cruinniú an-táirgiúil a bhí ann le raon leathan tuairimí agus smaointe curtha in iúl le linn an chruinnithe.

**Imeascadh pobail a chothú**

**Ag dul i gcomhairle le agus ag tacú lenár ndaoine óga**

**Spásanna poiblí níos sábháilte a chruthú**

"Bhí tábhacht na hionchuimsitheachta agus na hionadaíochta an-soiléir, mar aon leis an ngá le gníomhartha dírithe ar mhuinín a thógáil, imeascadh a neartú agus caidreamh pobail a fheabhsú.

"Phléamar na trí Chuspóir Ardleibhéil go mion agus shocraíomar cad is gá a tharlóidh chun gach ceann de na cuspóirí sin a bhaint amach.


"Tá na gníomhaireachtaí éagsúla aitheanta againn a bheidh freagrach as na gníomhartha atá mar bhunús leis na Cuspóirí Ardleibhéil a sheachadadh agus tosóimid anois ag obair leis na gníomhaireachtaí sin chun Plean Gnímh a fhorbairt agus na scálaí ama a theastaíonn chun iad a sheachadadh a chomhaontú."


Rochtain ar 'Our Balbriggan' anseo:
**https://bit.ly/32ntmPz**

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigin**

1. An Comh. Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4. An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh. Karen Power
An Comhaontas Glas
karen,power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros - Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 322 7472

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisalach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James Humphreys
Páirtí an Lucht Oibre
james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair/Mullach Íde**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. An Comh. Joan Hopkins
An Páirtí Sóisalach Daonlathach
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 050 6146

28. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

29. An Comh. Pamela Conroy
An Comhaontas Glas
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30. An Comh. Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@cllrs.fingal.ie
087 3984778

**Ongar**

31. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32. An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Fein
aaron.orourke@cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628